

## Bileog 14.1a

### An seomra nuachta

### Léamh

Bí ag obair leis an duine in aice leat – léigí an t-agallamh thíos ón leabhar *Ar An Taifead* le Breandán Delap. Aimsígí an leagan Gaeilge de na focail / fráasaí seo agus an t-alt á léamh agaibh.

- |                        |                          |                           |
|------------------------|--------------------------|---------------------------|
| - to discard something | - applied communications | - broadcasting supervisor |
| - camera work          | - bulletin               | - articulation            |

## Bhur gcéad fáilte isteach Eimear Ní Chonaola Léitheoir Nuachta TG4



*Pobal na Gaeltachta agus na Gaeilge a chur ar an eolas faoina bhfuil ag tarlú sa saol mór. . . é sin a dhéanamh ar bhealach beoga a mhúsclódh suim sa lucht féachana ach nach mbainfidh ó údarás an chraoltóra . . . a bheith réidh leis an réamhullmhúchán uilig a chaitheamh i dtraipisí agus tabhairt faoi scéalta atá á scaoileadh te-bhruite ar an aer.*

*Níl ansin ach blaiseadh de na dúshláin laethúla a bhíonn le sárú ag Eimear Ní Chonaola, príomhléitheoir Nuacht RTÉ/TG4.*

‘Níl aon dá lá oibre mar a chéile mar go mbíonn an Nuacht ag síorathrú’ a deir sí. ‘Dúisím ar maidin ag éisteacht le *Morning Ireland*, agus bíonn mé ag malartú idir sin agus *Adhmhaidin* ar RnaG le barúil a fháil de phríomhscéalta nuachta an lae. Thiar ansin i mBaile na hAbhann, feicim céard iad na scéalta a bhíonn leagtha amach ag an gClár-Eagarthóir agus ag na hiriseoirí. Ar ndóigh, bíonn tuairisc le cur le chéile agamsa ar scéalta eachtracha an lae, agus bíonn leathshúil agam i gcónaí ar *Sky News*, ar fhaitíos go mbrisfeadh aon scéal mór. Déanaim iarracht an mhír eachtrach a chur i dtoll a chéile chomh luath is gur féidir liom, le go dtabharfaidh sé deis dhom díriú ar na scéalta atá Nuacht TG4 ag clúdach an lá sin. Níos déanaí tráthnóna, cuireann mé smideadh orm fhéin agus faigheann mé mo fheisteas réidh don oíche. Óna sé a chlog tráthnóna, bíonn cúrsaí gnóthach go maith. Ach arís braitheann chuile shórt ar an lá, agus an cineál scéalta a bhíonn ag briseadh.’

Tar éis di an tArd-Diplóma sa gCumarsáid Fheidhmeach a dhéanamh in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, thosaigh Eimear ag obair i TG4 i 1998 mar mhaor craolacháin, ag plé le heagarthóireacht, físmheascadh agus ceamaradóireacht. Fuair sí post iriseoireachta leis an seomra nuachta dhá bhliain ina dhiaidh sin. Dhá mhí níos déanaí bhí sí ag léamh nuachta!

Cad iad na scileanna is mó a theastaíonn le feasachán a chur i láthair?

‘Creidim go gcaithfidh urlabhraíocht shoiléir a bheith ag duine leis an scéal a chur trasna go simplí agus go beacht. Teastaíonn caighdeán maith Gaeilge freisin. Is maith an rud ord is eagar a bheith agat ort fhéin. . . agus a bheith in ann cloí le sprioc ama. Caithfidh tú eolas a bheith agat ar chúrsaí reatha agus caithfidh tú freisin a bheith in ann ag brú agus eachtraí gan choinne ag tarlú ar aer. Ní hé an rud is tábhachtaí é, ach caithfidh tú caoi ‘s smais a chur ort féin, agus teastaíonn cur i láthair freisin!’

Lena chois sin, síleann sí go bhfuil ríthábhacht ag baint leis an réamhullmhúchán agus taighde a dhéantar sula gcuirtear agallamh ar dhuine beo ar an nuacht.

‘Caithfidh tú freisin am a úsáid go ciallmhar agus tá sé tábhachtach go gcuirfeá an duine ar a shuaimhneas roimh ré. In aon agallamh, is é an rud is tábhachtaí ná eolas nua a fháil amach. Ach, muna n-éisteannt tú leis na freagraí, ní bheidh a fhios agat cad iad na ceisteanna is gá a chur.’

Tá taithí nach beag ag Eimear fosta a bheith ar an bhóthar i mbun ghnáthdualgas iriseoireachta. Deir sí gurb í an chuimhne iriseoireachta is fearr atá aici, ná an tréimhse a chaith sí sa Nígir in iarthar na hAfraice i ndeireadh na bliana 2005 ag soláthar tuairiscí faoin ghorta ansin.

‘Bhí mé fhéin agus an ceamaradóir Steven Macken amuigh sa bhfásach in éindí le treabh an Tuareg, daoine chomh spéisiúil agus chomh draíochtúil ní fhaca mé ariamh. Bhí a gcuid bealaí fhéin acu, agus bhí siad bródúil astu. Bhí muid sa tír aimsir Ramadan, daoine ag paidreoireacht agus ag troscadh ó dhubh go dubh. Ba dheacair a chreidiúint nár thóg sé ach os cionn ceithre uaire eitilt ó Pháras na Fraince go Niamey sa Nígir. . . agus go bhféadfadh difríocht chomh mór a bheith idir an dá áit.’

Ba í a bhí ag léamh na nuachta sna laethanta beaga i ndiaidh bhás an Phápa Eoin Pól in Aibreán 2005.

‘Bhí an tsochraid agus an t-adhlacadh thart agus bhí na meáin ar fad ar bís lena fháil amach cé a thiofadh i gcomharba air. Bhí súile an domhain dírithe ar shimpléar, agus muid ag fanacht le deatach bán a fheiceáil, rud a d’inseodh dhúinn go raibh Pápa nua ceapaithe. Ceann de na hoícheantaí agus muid ar an aer, bhí mé ag labhairt lenár dtuairisceoir Rónán Mac an Iomaire a bhí sa Vatacáin. Bhí muid díreach théis tosaí ag caint, nuair a cloiseadh clampar mór agus ruaille buaille. Bhí deatach de chineál éigint le feiceáil taobh thiar de ghualainn Rónáin. . . agus bhí air imeacht agus fáil amach cén dath a bhí ar an deatach. D’fhág muid an Róimh ar feadh dhá nóiméad, agus ansin chuaigh muid ar ais arís leis an scéal is déanaí a fháil ó Rónán. Bhí an rud ar fad chomh beo! Lá dár saol!’

## **An seomra nuachta**

## **Plé**

Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Ar mhaith leat féin post mar seo? An bhfuil na scileanna céanna agatsa is atá ag Eimear?
2. An raibh tú féin beo ar an aer riamh? Conas mar a bhí sé?
3. An cuimhin leat aon rud greannmhar nó aisteach a tharla beo ar an teilifís? Cad a tharla?
4. Cad í an mhír nuachta is iontaí a chonaic tú riamh? Cad a bhí inti?
5. An bhfuil aon mhíreanna gramadaí san alt seo ar mhaith leat níos mó a fhoghlaim fúthu? Cá bhfaighfeá eolas faoi na míreanna áirithe sin?

**Bileog 14.1b****An seomra nuachta****Teanga**

Bí ag obair leis an duine in aice leat – féachaigí arís ar an sliocht seo ón alt agus freagraí na ceisteanna faoi.

1. Tá cúig bhotún sa sliocht - cad iad? Caithfidh tú a bheith in ann a rá cén fáth a bhfuil siad mícheart.

‘Bhí an tsochraid agus an adhlacadh thart agus bhí na meáin ar fad ar bís lena fháil amach cé a thiocfadh i gcomharba air. Bhí súile an domhan dírithe ar shimpléar, agus muid ag fanacht le deatach bán a fheiceáil, rud a d’inseodh **dhúinn** go raibh Pápa nua **ceapaithe**. Ceann de **na hoícheantaí** agus muid ar an aer, bhí mé ag labhairt lenár dtuairisceoir Rónán Mac an Iomaire a bhí sa Vatacáin. Bhí muid díreach **théis tosaí** ag caint, nuair a cloiseadh clampar mhór agus rúille búille. Bhí deatach de cineál **éigint** le feiceáil taobh thiar de ghualainn Rónán. . . agus bhí air imeacht agus fáil amach cén dath a bhí ar an ndeatach. D’fhág muid an Róimh ar feadh dhá nóiméad, agus ansin chuaigh muid ar ais arís leis an scéal is déanaí a fháil ó Rónán. Bhí an rud ar fad chomh beo! Lá dár saol!’

2. Cad é an leagan caighdeánach de na focail a bhfuil cló dubh orthu?
3. Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis an fhocal i gcló Iodálach thíos?

*‘nuair a cloiseadh’*

4. Bain úsáid as na briathra seo chun an ghné chéanna a thaispeáint sna haimsirí ar fad. Tá an chéad cheann déanta duit.

	<b>Aim. Láith</b>	<b>Aim. Chaite</b>	<b>Aim. Fháist.</b>	<b>An Modh Coinn.</b>
<b>clois</b>	cloistear	cloiseadh	cloisfear	chloisfí
<b>abair</b>				
<b>tuairiscigh</b>				
<b>faigh</b>				
<b>feic</b>				
<b>scaoil</b>				
<b>gabh</b>				
<b>gearr</b>				
<b>ionsaigh</b>				
<b>léirigh</b>				

## **Bileog 14.2**

### **An nuacht**

### **Réamhobair éisteachta**

Beidh tú ag éisteacht le hEimear Ní Chonaola ar ball ag léamh ceannlínte ón seomra nuachta ar an 9 Márta 2009. Sula n-éisteann tú leis na míreanna áfach, déan féin agus an duine in aice leat ransú intinne ar an fhoclóir a bhaineann le gach topaic.

- Scéal 1: Beirt saighdiúirí Sasanacha a maraíodh i dTuaisceart Éireann.
- Scéal 2: Gearradh siar ar airgead don tríú domhan.
- Scéal 3: Tiománaithe tacsáí ar mire de bharr eolais a foilsíodh i dtuarascáil a mhaígh go gcaithfidh siad uaireanta oibre níos faide a dhéanamh agus nach gá teorainn a chur le heisiúint ceadúnas nua.
- Scéal 4: An rialtas ag iarraidh ar dhaoine fuil a thabhairt de bharr easpa fola sa tír faoi láthair.

## **An nuacht**

## **Éisteacht**

Éist leis na míreanna anois agus freagair na ceisteanna:

- (a) An raibh na focail a bhreac tú féin agus an duine eile síos le cloisteáil sa mhír?
- (b) Cad iad na focail eile a chuala tú sna míreanna nach raibh agaibh?
- (c) An raibh aon fhocail sna míreanna nár thuig tú? An féidir leat na focail nár thuig tú a scríobh síos i litriú foghraíochta? Pléigh na focail úd leis an duine in aice leat – an raibh siad ar eolas aige / aici?
- (d) Féach ar na míreanna ar fad arís. Cad a cheapann tú faoi éadaí Eimear? Cé chomh tábhachtach is atá cuma snasta a bheith ar an láithreoir, dar leat? An bhfuil ‘urlabhraíocht shoiléir’ ag Eimear, dar leat?

## **An nuacht**

## **Plé**

Pléigh na ráitis seo leis na daoine eile i do ghrúpa – an n-aontaíonn sibh leo?

- Ní féidir le míreanna nuachta a bheith éadromchroíoch.
- Ní saoránach ceart tú mura bhféachann tú ar an nuacht go laethúil.
- Is fearr i bhfad é nuacht RTÉ ná nuacht TG4.
- Is é suíomh idirlín BBC an suíomh nuachta is fearr atá ann.
- Tá saol níos sona acu siúd nach mbacann le nuacht de chineál ar bith.
- Is iad na cainéil nuachta sna Stáit Aontaithe (ar nós *Fox*) na cinn is fearr ar domhan.

## Bileog 14.3

### Scéalta nuachta

### Labhairt

Bí ag obair leis an bheirt eile sa ghrúpa agus déanaigí na cleachtaí seo le chéile:

1. Déanaigí ransú intinne ar cad atá ag tarlú sna pictiúir ar fad.
2. Roghnaigí pictiúr amháin an duine agus scríobhaigí script nuachta faoin phictiúr a roghnaigh sibh.
3. Léigí amach na míreanna nuachta a scríobh sibh os comhair na ndaoine eile sa ghrúpa.



Duine A

Duine B



Duine C

**Bileog 14.4a****Scéalta eacnamaíochta****Duine A – stór focal**

Bí ag obair leis an duine in aice leat – cad is brí leis na téarmaí eacnamaíochta seo thíos? Scríobhaigí sainmhínte ar chúpla ceann.


Acmhainní daonna  
Frithchosaint lánroghnach  
Fiachas

Caiteachas míleata  
Cosaint  
Leas sóisialta

Caiteachas rialtais  
Rátaí úis

**Scéalta eacnamaíochta****Duine A – plé**

Léiríonn an pícháirt thíos caiteachas rialtas na Stát Aontaithe, mar a chuireann an rialtas ansin in iúl é. Tá pícháirt ag an duine in aice leat a léiríonn cá dtéann an t-airgead i ndáiríre. Breacaigí síos ag bun an leathanaigh na difríochtaí idir an dá pícháirt. **Ná taispeáin na bileoga dá chéile!**



**Na difríochtaí:**

---



---



---



---



**Bileog 14.4b****Scéalta eacnamaíochta****Duine B – stór focal**

Bí ag obair leis an duine in aice leat – cad is brí leis na téarmaí eacnamaíochta seo thíos? Scríobhaigí sainmhínte ar chúpla ceann.

Acmhainní daonna

Caiteachas míleata

Caiteachas rialtais

Frithchosaint lánroghnach

Cosaint


Rátaí úis

Fiachas

Leas sóisialta

**Scéalta eacnamaíochta****Duine B – plé**

Léiríonn an píchairt thíos caiteachas rialtas na Stát Aontaithe i ndáiríre. Tá píchairt ag an duine in aice leat a léiríonn cá dtéann an t-airgead **de réir an rialtais** féin. Breacaigí síos ag bun an leathanaigh na difríochtaí idir an dá píchairt. **Ná taispeáin na bileoga dá chéile!**



**Na difríochtaí:**

---



---



---



---

**Bileog 14.5a****An aimsir****Stór focal**

Léigh féin agus an duine in aice leat an blúire seo ó bhlag Thaidhg Mhic Dhonnagáin faoi chúrsaí fearthainne.

Deirtí faoi na hEiscimigh (na hIonúitigh atá orthu na laethanta seo, seans) go raibh an-saibhreas foclóra acu a bhain le sneachta. Ag breathnú amach ar an gcuan, siar ó dheas uaim ó Gharraí JMh, táim ag cuimhniú gur i gcás an chultúir s'againn féin, is í an bháisteach an réimse aimsire is mó a bhfuil scil againn ann, agus ní gan chúis. Ó bharr mo chinn, mar sin, seo chugaibh mo stór foclóra féin:

Tá sé ag cur báistí	Tá sé ag báisteach
Tá sé ag gleáradh báistí	Tá sé ag clagar (Múscraí)
Ag clagarnaigh (Corca Dhuibhne)	Ag clagarnach (Conamara)
Tá sé ina sceana gréasaí	Salachar báistí
Brádán báistí	Cith báistí
Múr báistí	Múraíl scaipthe
Múiréileacha	Fearthainn - ag cur fearthainne
Tháinig an lá ina chac báistí	Tá sé salach
Tá sé broghach (Iorras)	Tá sé ina dhíle
Báisteach throm, éadrom	Aimsir cheathach
Tá sé bog	Tá braon i mbéal na gaoithe
Tá báisteach air	Tá sé ag stealladh (báistí)
Tá sé ag cur (Uladh)	Tá uisce mór déanta aige (Iorras)
Tá braon caite aige	
Aiteall (sos idir dhá mhúr - Conamara)	
Téigle (an rud céanna - Iorras)	
Tá mé cinnte go bhféadfaí a bheith ag cur leis an liosta sin....	

**An aimsir****Éisteacht**

Éist leis an mhír uair amháin agus déan na cleachtaí seo:

1. Cuir líne faoi na focail as an bhlag a chuala tú sa mhír.
2. Ar chuala tú aon fhocal eile ar an fheartainn? Cad é?
3. An raibh sé deacair an mhír seo a thuiscint? Cén fáth?

Éist leis an mhír don dara huair agus freagair na ceistanna seo:

- (a) Cén cineál aimsire a bheas ann oíche anocht?
- (b) Cén teocht a bheas ann amárach?
- (c) Cén cineál gaoithe atá geallta don lá amárach?
- (d) An mbeidh an aimsir go maith don chéad chúpla lá eile?

**An aimsir**

**Stór focal**

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus déanaigí ransú intinne ar an stór focal a bhaineann leis na topaicí seo:

**Na cineálacha gaoithe**

**Aimsir mhaith**

**Stoirmeacha**

an ghaoth aduaidh...

seal gréine...

gála gaoithe...


## Bileog 14.5b

An aimsir


Labhairt

Don mhúinteoir: Gearr amach na tuair aimsire thíos.

### Duine A



### Duine B



### Duine C

